Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0191(COD)**

**13940/23**
**ADD 1**

**EF 297**
**ECOFIN 982**
**ENV 1096**
**SUSTDEV 126**
**CODEC 1800**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le bannaí glasa Eorpacha agus nochtaí roghnacha le haghaidh bannaí a mhargaítear mar bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus le haghaidh bannaí atá nasctha le hinbhuanaitheacht **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráiteas |

**Ráiteas ón gComhairle**

Ós amhlaidh gur gá cosc a chur ar an nglas-snasú ar mhargadh na mbannaí, gur gá an t-arbatráiste a sheachaint i measc catagóirí éagsúla urrús nach urrús cothromais iad, agus in éagmais córas nochta comhchuibhithe do bhannaí, do dhíorthaigh, agus d’urrúis eile nach urrús cothromais iad a fhógraítear mar nithe a chuireann fachtóirí comhshaoil, sóisialta agus rialachais san áireamh nó a shaothraíonn cuspóirí comhshaoil, sóisialta agus rialachais, dearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil rún aici scrúdú críochnúil a dhéanamh ar an togra ón gCoimisiún i gcás an cheanglais maidir le faisnéis a sholáthar faoi chúrsaí comhshaoil, sóisialta agus rialachais sa Réamheolaire le haghaidh urrúis nach urrús cothromais iad i gcomhthéacs na caibidlíochta maidir leis an nGníomh um Liostú.